Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

12520/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 44
RELEX 1031

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

22 Iúil 2024

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**3. Cúrsaí reatha**

Thug an Chomhairle aghaidh ar an taidhleoireacht dhigiteach

**4. Fogha na Rúise faoin Úcráin**[1]
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin.

**5. An staid sa Mheánoirthear**

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais ar an staid sa Mheánoirthear.

**6. Aon ghnó eile**

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia (12387/24) ar fáil maidir lena cinneadh deireadh a chur le haitheantas a thabhairt do dhoiciméid taistil neamh-bhithmhéadracha arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise ón 15 Iúil 2024, a chuir an Iodáil (12480/24) ar fáil thar ceann AT, CY, CZ, EL, HR, SI, agus SK maidir lena thábhachtaí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas an Aontais maidir leis an tSiria agus athmhachnamh a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le dídeanaithe a chur ar ais, a chuir an Pholainn (12405/24) ar fáil maidir lena tionscnamh chun an caidreamh trasatlantach a neartú trí bhorradh a chur faoi chumarsáid straitéiseach an Aontais leis na Stáit Aontaithe i gcomhthéacs na dtoghchán atá ar na bacáin agus a chuir an Chipir (12477/24) ar fáil maidir leis an gcruinniú mullaigh a bhí ag Eagraíocht na Stát Tuirciceach le déanaí.

---

[1] Lena n-áirítear seisiún neamhfhoirmiúil tuairimíochta le hAire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach**

**in 11443/1/24 REV 1**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 29 ar liosta na míreanna 'A':** | **Droichead go Busan: Dearbhú maidir le Polaiméirí Plaisteacha Príomhúla**<br>*Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú* |

**RÁITEAS ÓN tSEICIA**

'Cé go dtacaíonn an tSeicia go hiomlán le hionstraim idirnáisiúnta uaillmhianach maidir le truailliú plaisteach a thabhairt i gcrích, ní mór d'aon fhoráil atá ceangailteach ó thaobh dlí a bheith indéanta agus in-fhorfheidhmithe agus, más féidir, a bheith bunaithe ar thionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana.

Sa chomhthéacs sin, ba mhaith linn ár n-imní a chur in iúl maidir le foclaíocht an Dearbhaithe maidir le Droichead go Busan ina dtagraítear sa mhír dheireanach de do tháirgeadh príomhúil polaiméire plaistí a reo nó a shrianadh. D'uireasa measúnú críochnúil d'fhéadfadh impleachtaí móra dlíthiúla agus praiticiúla a bheith ag bearta den sórt sin. Ba mhaith linn a iarraidh ar an Uachtaránacht agus ar an gCoimisiún é sin a mheas sa chaibidlíocht atá le teacht.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 31 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) - litir thar ceann an Aontais agus a Bhallstát mar fhreagairt ar iarratas na Síne ar aontachas le OTIF mar Chomhalta Comhlach**<br>*Formheas litreach* |

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Is mór ag Poblacht na Slóvaice na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht agus an Coimisiún teacht ar chomhthoil laistigh den Chomhairle maidir le freagairt an Aontais ar an bhFógra Taisce ó Ard-Rúnaí OTIF a bhaineann le hiarratas Dhaon-Phoblacht na Síne ar aontachas le OTIF mar Chomhalta Comhlach.

Is ar mhaithe le haontacht a choinneáil agus de mheon cuiditheach a thacaímid le cur chuige coiteann an Aontais agus leis an litir atá beartaithe ina gcuirtear agóid in iúl agus é mar aidhm léi níos mó ama a chur ar fáil chun dul i gcomhairle maidir le fiúntas an iarratais, measúnú a dhéanamh air agus machnamh a dhéanamh air.

Is mór againn go luaitear sa litir go bhfuil sí gan dochar do sheasamh an Aontais agus a Bhallstát amach anseo maidir leis an gcinneadh atá le glacadh ag Comhthionól Ginearálta OTIF. Feictear do Phoblacht na Slóvaice go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag baint le ballraíocht Dhaon-Phoblacht na Síne in OTIF, rud atá i gcomhréir freisin le straitéis fhadtéarmach OTIF. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dúinn faoi láthair, níl sé i gceist againn agóid a dhéanamh i gcoinne iarratas Dhaon-Phoblacht na Síne ar a bheith ina Comhalta Comhlach de OTIF.'

PUBLIC